CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 113/23
Lucsamburg, 4 Iúil 2023

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-252/21 | Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta)

## Féadfaidh údarás iomaíochta náisiúnta, i gcomhthéacs an imscrúdaithe ar mhí-úsáid ceannasachta, sárú ar RGCS a chinneadh

*Agus é faoi cheangal ag prionsabal an chomhair dhílis, ní mór dó, áfach, aon chinneadh nó aon imscrúdú de chuid an údaráis inniúil mhaoirseachta faoin Rialachán sin a chur san áireamh*

Cuireann Meta Platforms Ireland an líonra sóisialta ar líne Facebook ar fáil san Aontas. Trí chlárú le Facebook, glacann na húsáideoirí sin leis na coinníollacha ginearálta arna socrú ag an gcuideachta sin agus, dá bhrí sin, leis na beartais maidir le sonraí agus fianáin a úsáid. Faoi na coinníollacha sin, bailíonn Meta Platforms Ireland sonraí ar ghníomhaíochtaí úsáideoirí laistigh agus lasmuigh den líonra sóisialta agus nascann siad le cuntais Facebook na n-úsáideoirí sin iad. Maidir leis na sonraí sin, a dtugtar "sonraí *off* Facebook" orthu, is éard atá iontu ná, ar an gcéad dul síos, sonraí a bhaineann le cuairteanna ar leathanaigh idirlín agus ar fheidhmchláir tríú páirtí agus, ar an dara dul síos, sonraí a bhaineann le húsáid seirbhísí eile ar líne ar le grúpa Meta iad (lena n-áirítear Instagram agus WhatsApp). Leis na sonraí arna mbailiú mar sin, is féidir, *inter alia*, fógraí pearsantaithe a dhíriú ar úsáideoirí Facebook.

Chuir Údarás Cónaidhmeach Iomaíochta na Gearmáine toirmeasc i bhfeidhm, go háirithe, ionas nárbh fhéidir úsáid líonra sóisialta Facebook ag úsáideoirí príobháideacha ina gcónaí sa Ghearmáin a chur, sna coinníollacha úsáide, faoi réir coinníoll go ndéanfaí próiseáil ar a gcuid sonraí *off* Facebook agus go ndéanfaí na sonraí sin a phróiseáil gan a dtoiliú. Bhunaigh sé a chinneadh ar an bhfíric, ós rud é nach raibh an phróiseáil sin ag teacht leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) [1], gurbh ionann é agus mí-úsáid a bheith á baint as ceannasacht Meta Platforms Ireland ar mhargadh na líonraí sóisialta ar líne sa Ghearmáin.

Agus achomharc i gcoinne an chinnidh sin ós a comhair, iarrann Ard-Chúirt Réigiúnach Düsseldorf ar an gCúirt Bhreithiúnais an bhféadfadh údaráis iomaíochta náisiúnta a fhíorú an bhfuil próiseáil ar shonraí pearsanta i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in RGCS. Ina theannta sin, cuireann an chúirt Ghearmánach ceisteanna ar an gCúirt Bhreithiúnais maidir le forálacha áirithe de RGCS a léiriú agus a chur i bhfeidhm i ndáil le próiseáil sonraí ag oibreoir líonra shóisialta ar líne.

Ina breithiúnas inniu, tugann an Chúirt dá haire, **i gcomhthéacs scrúdú ar mhí-úsáid a bhain gnóthas as a cheannasacht, go bhféadfadh sé gur ghá d'údarás iomaíochta an Bhallstáit lena mbaineann a fhíorú freisin an bhfuil iompar an ghnóthais sin i gcomhréir le rialacha nach rialacha iad a bhaineann le dlí na hiomaíochta, amhail na rialacha a leagtar síos le RGCS.** Mar sin féin, i gcás ina n-aimsíonn údarás iomaíochta

[1] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

náisiúnta sárú ar RGCS, ní ghlacann sé áit na n-údarás maoirseachta a bunaíodh leis an Rialachán sin. Go deimhin, **tá an measúnú ar chomhlíonadh RGCS teoranta do chuspóir aonair, eadhon mí-úsáid ceannasachta a aimsiú,** agus bearta a fhorchur chun deireadh a chur leis an mí-úsáid sin i gcomhréir le rialacha dhlí na hiomaíochta.

Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach RGCS a áirithiú, **ní mór do na húdaráis iomaíochta náisiúnta dul i gcomhairle lena chéile agus comhoibriú de mheon macánta leis na húdaráis atá freagrach as comhlíonadh RGCS a áirithiú.** Go háirithe, i gcás ina measann an t-údarás iomaíochta náisiúnta gur gá fíorú an bhfuil iompar an ghnóthais sin i gcomhréir le forálacha RGCS, **ní mór don údarás sin a fháil amach an bhfuil cinneadh déanta cheana féin i leith an iompair sin** nó i leith iompair dá leithéid **ag an údarás maoirseachta inniúil nó ag an gCúirt féin.** Más amhlaidh atá, **ní fhéadfaidh sé imeacht uaidh sin**, ach, ag an am céanna, ní mór dó a bheith saor chun teacht ar a chonclúidí féin ó thaobh chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta de.

Ina theannta sin, tugann an Chúirt dá haire go ndealraíonn sé go mbaineann an phróiseáil sonraí arna déanamh ag Meta Platforms Ireland le catagóirí speisialta sonraí a d'fhéadfadh, *inter alia*, tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó gnéaschlaonadh a nochtadh agus a bhfuil cosc ar a bpróiseáil, i bprionsabal, faoi RGCS. Is faoin gcúirt náisiúnta a bheidh sé ansin a chinneadh an nochtann cuid de na sonraí a bailíodh faisnéis den sórt sin go hiarbhír, beag beann ar cé acu an mbaineann siad le húsáideoir den líonra shóisialta sin nó le haon duine nádúrtha eile.

Maidir leis an gceist an gceadaítear **sonraí "íogaire" dá leithéid a phróiseáil** mar ábhar eisceachtúil toisc gur léir gur chuir an t-ábhar sonraí ar fáil go poiblí iad, shonraigh an Chúirt **nach léir** , **toisc amháin go dtugann úsáideoir líonra shóisialta ar líne cuairt ar shuíomhanna idirlín** nó ar fheidhmchláir a d'fhéadfadh na sonraí sin a nochtadh, **go gcuireann sé a chuid sonraí ar fáil go poiblí**, de réir bhrí RGCS. Ina theannta sin, is amhlaidh atá **i gcás ina gcuireann úsáideoir sonraí isteach** i suíomhanna nó feidhmchláir den sórt sin nó **go ngníomhachtaíonn sé cnaipí roghnúcháin** atá ionchorpraithe iontu, **ach amháin má tá sé curtha in iúl go sainráite aige roimh ré gur roghnaigh sé na sonraí a bhaineann leis a chur ar fáil go poiblí do líon neamhtheoranta daoine.**

Ar leibhéal níos ginearálta, maidir leis an bpróiseáil a dhéanann Meta Platforms Ireland, lena n-áirítear próiseáil ar shonraí "neamhíogaire", scrúdaíonn an Chúirt ansin an dtagann an phróiseáil sin faoi raon feidhme na gcúiseanna, dá bhforáiltear in RGCS, chun údar a thabhairt do phróiseáil sonraí arna déanamh gan toiliú ón ábhar sonraí. Sa chomhthéacs sin, measann sí nach dtugtar údar don chleachtas atá faoi chonspóid leis **an riachtanas an conradh**, ar páirtí ann an duine sin, **a chomhlíonadh** ach amháin má tá an phróiseáil **bunriachtanach go hoibiachtúil ionas nárbh fhéidir cuspóir a bhaint amach ar cuid dhílis í den tseirbhís chonarthach atá beartaithe don ábhar sonraí gan an phróiseáil sin.** Faoi réir fíorú ag an gcúirt náisiúnta, cuireann an Chúirt amhrais in iúl maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfadh pearsantú fógraíochta nó síor-úsáid réidh sheirbhísí féin ghrúpa Meta na critéir sin a chomhlíonadh. Thairis sin, de réir na Cúirte, **ní féidir le pearsantú na fógraíochta trína maoinítear líonra sóisialta ar líne Facebook údar a thabhairt leis an bpróiseáil sonraí atá i gceist, i gcáil leas dlisteanach atá á shaothrú ag Meta Platforms Ireland, in éagmais thoiliú an duine is ábhar do na sonraí.**

Ar deireadh, tugann an Chúirt faoi deara nach bhfuil an fíoras go bhfuil **ceannasacht** ag oibreoir líonra shóisialta ar líne, mar rialaitheoir, ar mhargadh na líonraí sóisialta **ina chonstaic ann féin ar úsáideoirí an líonra shóisialta sin a bheith in ann toiliú bailí, de réir bhrí RGCS, a thabhairt le próiseáil a sonraí pearsanta** arna déanamh ag an oibreoir sin. Mar sin féin, ós rud é go bhféadfadh sé difear a dhéanamh do shaoirse rogha an úsáideora sin agus éagothromaíocht shoiléir a chruthú idir na húsáideoirí agus an rialaitheoir, is **fachtóir tábhachtach é sin chun a chinneadh ar tugadh toiliú bailí** agus, go háirithe, faoi shaoirse don phróiseáil. Is faoin oibreoir sin atá sé é sin a chruthú.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na

Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus achoimre an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar Europe by Satellite" ✆(+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**